# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11087 – PAI PARTNERS / GEGENBAUER GROUP)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 138/05)

1. An 14 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners SAS ("PAI Partners", an Fhrainc),

— Gegenbauer Holding SE & Co. KG (an Ghearmáin) agus Gegenbauer Holding Verwaltung SE (an Ghearmáin) (dá ngairtear le chéile "Gegenbauer Group" (an Ghearmáin)).

Gheobhaidh PAI Partners rialú aonair ar Gegenbauer Group ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromas phríobháideach é PAI Partners a bhfuil a ceanncheathrú sa Fhrainc agus a bhainistíonn agus/nó a thugann comhairle do chistí ar leo cuideachtaí, ar cuideachtaí iad atá gníomhach in earnálacha gnó éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí gnó, bia agus earraí tomhaltais, tionscail ghinearálta agus cúram sláinte,

— Tá Grúpa Gegenbauer gníomhach i mbainistíocht saoráidí d'fhoirgnimh agus do shaoráidí teicniúla lena n-áirítear gníomhaíochtaí gaolmhara agus coimhdeacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11087 – PAI PARTNERS / GEGENBAUER GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË